

Lámhleabhar Úsáideora Futurium

Fáilte

Is ardán ar líne é Futurium arna oibriú ag Ard-Stiúirthóir na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. “An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla” is ainm don ghrúpa a n-iarrrtar ort dul isteach ann. Tugann an grúpa seo comhaltaí uile an líonra le chéile.

Cuirfear leis an ngrúpa “Comhairleoirí AE” tú. Tá comhaltaí dhá líonra sa ghrúpa seo: “An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla” de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus “Comhairleoirí AE” de chuid Choiste na Réigiúin.

Grúpaí príobháideacha is ea iad araon. Sa phríomhghrúpa “Comhairleoirí AE” baineann an fhaisnéis a chuirtear ar fáil le comhaltaí an dá líonra. San fhoghrúpa “An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le heintitéis áitiúla”, ní bhaineann an fhaisnéis ach le comhaltaí an líonra sin. Sa phríomhghrúpa “Comhairleoirí AE” is féidir leat trácht a dhéanamh ar ábhar postáilte. San fhoghrúpa “An Eoraip a Fhorbairt i gComhar le Comhairleoirí Áitiúla”, is féidir leat do phostálacha féin a chruthú, leis.

Cuntas Futurium

Beidh cuntas de dhíth ort le gur féidir leat idirghníomhú ar Futurium. Úsáideann Futurium córas fhíordheimhnithe úsáideora EU Login.

Conas do chuntas Futurium a chruthú (clárú)?

Níl cuntas EU Login agam go fóill:

1. Clliceáil ar an gcnaipe [logála isteach](#) (atreorófar chuig leathanach EU Login tú).
2. Clliceáil ar “Create an account (Cruthaigh cuntas)” agus lean na treoracha.
3. Gheobhaidh tú ríomhphost a chuirfidh ar do chumas an próiseas clárúcháin a chríochnú.
4. Clliceáil an nasc sa ríomhphost (Tá 24 uair an chloig agat ar a mhéad chun do chuntas a dheimhniú).
5. Déan do phasfhocal EU Login.
6. Tá tú logáilte isteach anois in EU Login.
7. Oscail leathanach baile [Futurium](#) agus clliceáil ar an gcnaipe [logála isteach](#).
8. Éigeantach: sínigh an comhaontú úsáideora. Scrollaigh síos go bun an leathanaigh chun glacadh leis.

Tá cuntas EU Login agam cheana:

1. Clliceáil ar an gcnaipe [logála isteach](#) (atreorófar chuig leathanach EU Login tú).
2. Lean na treoracha chun logáil isteach.
3. Murar aontaigh tú fós le comhaontú úsáideora Futurium: gabh chuig bun an leathanaigh chun glacadh leis.

Conas a síním isteach?

Tá cuntas Futurium agat cheana:

1. Clliceáil ar an gcnaipe [logála isteach](#), atreorófar chuig leathanach EU Login tú.
2. Lean na treoracha chun logáil isteach.
3. Tá tú á atreorú chuig leathanach in Futurium.

Déan [teagmháil](#) linn má fhaigheann tú an teachtaireacht earráide seo a leanas “your account is blocked (tá do chuntas bactha)”.

Conas a bhainistím mo chuntas Futurium?

Ní mór duit a bheith logáilte isteach chun do chuntas a bhainistiú.

1. Clliceáil ar [my account](#) (mo chuntas)
2. Clliceáil ar edit (cur in eagar)
3. Is é EU Login a bhainistíonn cuid de na réimsí (Túsainm, sloinne, ríomhphost agus do phasfhocal). Chun iad a athrú, oscail [EU Login](#)
4. Is féidir na réimsí seo a leanas a athrú
 - a. Your picture (Do phictiúr)
 - b. Bio (Beathaisnéis)
 - c. Contact settings (Socruithe teagmhála)
 - d. Language Settings (Socruithe teanga)
 - e. Email subscriptions (Líostálacha ríomhphoist)
5. Clliceáil save (sábháil) chun d’athruithe a choinneáil

Conas a athraím mo notifications settings (socruithe fógra)?

Ní mór duit a bheith logáilte isteach.

1. Clliceáil ar [my account](#) (mo chuntas)
2. Clliceáil ar an táb Notifications Settings (Socruithe Fógra)
3. Socraigh an mhinicíocht do do ghrúpaí ar cheann de na roghanna seo a leanas
 - a. Never (Ná déan riamh)
 - b. Seolta láithreach
 - c. Daily (Gach lá)
 - d. Weekly (Gach seachtain)

Féach chuige agus [my account](#) (mo chuntas), á chur in eagar, go dticeálann tú email subscriptions (líostálacha ríomhphoist). Mar chomhalta, gheobhaidh tú fógraí ar phostálacha nuair a thráchtann comhaltaí eile nó nuair a dhéanann modhnóir athruithe ar do phostáil.

Postáil ar Futurium

Ní mór duit bheith i do chomhalta de ghrúpa sular féidir leat postáil sa ghrúpa. Ag brath ar shocruithe an ghrúpa, ceadófar duit postáil a dhéanamh.

Conas a phostálaim i ngrúpa Futurium?

I roghchlár gníomhaíochtaí an ghrúpa, roghnaigh **add Post (cuir Postáil leis)**. Líon isteach na réimsí seo a leanas. Réimsí éigeantacha iad na réimsí atá marcáilte le réiltín.

- Type (Cineál)
- Title * (Teideal *)
- Content (Ábhar)
- Téacs* (Téacs*)
- Document (Doiciméad)
- Image/Video (Íomhá/Físeán)
- Web tools Unified Embed Code (Cód Leabaithe Aontaithe Uirlisí Gréasáin)
- Tags (Clibeanna)

Conas a chuirim comhad le mo phostáil Futurium?

Cliceáil ar an gcnaipe **document (doiciméid)** agus roghnaigh **new document (doiciméad nua)** nó **existing document (doiciméad reatha)**. Roghnaigh do chomhad agus ná dearmad an réimse ainm a líonadh isteach.

Conas a chuirim íomhá le mo phostáil Futurium?

Cliceáil ar an gcnaipe **media (meán)** agus roghnaigh **new media (meáin nua)** nó **existing media (meáin reatha)**. Roghnaigh do chomhad agus ná dearmad an réimse ainm a líonadh isteach.

Conas a chuirim físeán le mo phostáil Futurium?

Cliceáil ar an gcnaipe video (físeán) agus roghnaigh “Add new video (Cuir físeán nua leis)” nó “Add existing video (Cuir físeán reatha leis)”. Ansin déan URL a chóipeáil agus a ghreamú agus cliceáil ar create video (cruthaigh físeán).

Cuir físeán leis a bhí postáilte cheana ar Futurium

- Tosaigh ag clóscríobh ainm nó codanna d’ainm video (físeán) a bhí ann cheana. Roghnaigh an físeán.
- Cliceáil ar create video (cruthaigh físeán).